

Márta 2016

Cúlra

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Intreoir

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le úsáid ainmneacha fearainn. Tá sé iontach tábhachtach gur féidir le comhlachtaí, eagraíochtaí eile nó daoine deonacha a n-ainmneacha fearainn a chlárú mar is ceart le cinntiú nach gcruthaítear mearbhall maidir leis an ainm atá ar chomhlacht, eagraíocht nó dhuine aonair, agus go bhfuil sé díreach comh furasta ceánna é seo a dhéanamh agus a bheadh sé dá mbeadh siad ag iarraidh amhlaidh a dhéanamh le hainm fearainn nach bhfuil síní fada ar bith istigh ann. Is deis iontach é an comhairliúchán seo leis an bhac a bhí ann go dtí seo maidir le hainmneacha fearainn le síntí fada a chlárú a réiteach. Tá sé ráite istigh sa cháipéis chomhairliúcháin go mbaineann an próiseas seo le ‘idirnáisiúnú’ na n-ainmneacha atá ar fáil ar ach le fírinne baineann sé níos mó le ‘náisiúnú’ na n-ainmneacha seo.

Tá dhá príomh-mholadh ag Conradh na Gaeilge maidir leis an chomhairliúchán seo:

- Úsáid an tSínadh Fada in ainmneacha fearainn
- Costais dóibh siúd atá ag clárú ainmneacha fearainn le síntí fada

Úsáid an Síneadh Fada in ainmneacha fearainn

Is cuid lárnach í an síneadh fada de theanga na Gaeilge agus mar sin tá sé riachtanach go bhfuil duine ar bith atá ag iarraidh ainm fearainn a chlárú as Gaeilge in ann iad a úsáid gan bhac nó gan stró. Is féidir le húsáid (nó le mí-úsáid) an síneadh fada brí fhocail a athrú go huile is go hiomlán ar bhealach a chiallaíonn nach bhfuil ciall ar bith ag baint leis. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar ghrúpaí nó ar dhaoine ar mhaith leo ainm as Gaeilge a chlárú le síneadh fada istigh ann glacadh le rogha nach bhfuil sásúil ar bhealach ar bith, mar in amanna ní bhíonn aon chiall leis an ainm fearainn sa deireadh mar gheall nach bhfuil na síntí fada istigh ann.

Is sampla maith é an focal ‘Éire’ agus an rud a tharlaíonn más rud nach bhfuil an síneadh fada san áireamh .i. ‘eire.’

1. “cuirfidh Éire éile áthais ort” – “Ireland will put a charm of joy on you”
2. “cuirfidh eire eile ath-áis ort” – “another burden will force you to use another facility”

Tá brí iomlán difriúil ag an dá abairt seo cé go bhfuil na bun-litreacha ceánna sna habairtí. Is léir ón mhéid seo go bhfuil sé go huile is go hiomlán gan chiall an síneadh fada a fhágáil ar leath-thaobh. Tá an síneadh fada riachtanach mar chuid de theanga na Gaeilge mar gheall gur litir i léith é i ndáiríre in áit athrú nó leasú ar an fhuaim amháin. Tá níos mó ná céad samplaí ann sa leabhar ‘Our Fada, A Fada Homograph Dictionary’ (Rossa Ó Snodaigh and Mícheál Ó Domhnaill, 2012, Coiscéim) ar fhocail a athraíonn nuair atá nó nach bhfuil síneadh fada san áireamh, idir fuaim an fhocail agus brí an fhocail.

Seo thíos roinnt samplaí ar an bhealach a athraíonn brí na bhfocal nuair a bhaintear úsáid as an tsíneadh fada.¹ Is léir ón mhéid seo thíos, mar sin, go bhfuil sé riachtanach go bhfuil an síneadh fada

¹ <http://www.star-ts.com/2012/10/19/is-the-fada-important-in-irish/>

in úsáid mar is ceart ar ainmneacha fearainn le cinntiú gur féidir an t-ainm ceart cruinn a chur ar suíomh nó ar sheoladh ríomhphost.

#	Focal	Brí	Le fada	Brí
1	Ait	Funny, likeable, peculiar	Áit	Place, location
2	Caca	Excrement, faeces	Cáca	Cake
3	Mála	Brow, eyebrow	Mála	Bag
4	Solas	Light, illumination	Sólás	Solace, consolation, comfort
5	Teann	Tight	Téann	To go
6	Lon	Blackbird	Lón	Lunch
7	Min	Meal, oatmeal, sawdust	Mín	Smooth, soft
8	Re	Alternate, every second	Ré	Time, era
9	Rath	Success, prosperity	Ráth	Ringfort
10	So	Easily, possible, good	Só	Comfort, luxury, leisure
11	Cart	Scrape, clean, clear out	Cárt	Quart
12	Cas	Twist, turn	Cás	Case, instance, eventuality
13	Cead	Permission	Céad	A hundred
14	Agus	And	Agús	Qualification
15	Ais	Axis/back again	Ais	Facility
16	Amh	Uncooked, raw	Ámh	However
17	Ar	Did	Ár	Our
18	Ban	Female	Bán	White
19	Briste	Broken	Briste	Trousers
20	Clois	Hear	Clóis	(animal) domestic
21	Coiste	Committee	Cóiste	Coach, carriage, pram
22	Cor	Turn, haul	Cór	Choir
23	Cuil	Fly	Cúil	Corner, nook
24	Cur	Sowing, laying, burial	Cúr	Foam, froth
25	Do	To	Dó	Two
26	Doire	Derry	Dóire	Burner
27	Dol	Snare, trap	Dól	Dole
28	Eire	Burden	Éire	Ireland
29	Fair	Watch, observe	Fáir	Roost
30	Fan	Stay, remain, wait	Fán	Astray, wandering
31	Fead	Whistle	Féad	Be able
32	Feith	Waiting, expecting	Féith	Vein
33	Foras	Institute	Forás	Development, growth
34	Ga	Spear, dart	Gá	Need, necessity
35	I	In	Í	Her
36	Lagar	Weakness	Lágar	Lager
37	Lastoir	On the east side	Lastóir	Lighter
38	Leacht	Liquid	Léacht	Lecture
39	Leamh	Weak, tepid	Léamh	Reading
40	Leann	Ale, beer	Léann	Learning, education
41	Leas	Vice, deputy	Léas	Lease
42	Maille	With, together with	Máille	Mail
43	Mam	Mum	Mám	Handful
44	Meanach	Entrails	Meánach	Average, medium
45	Mearaigh	Derange, perplex, baffle	Méaraigh	Finger, to thumb a book
46	Snamh	Dislike	Snámh	Swim
47	Seo	Here	Seó	Show
48	Sin	That	Sín	Stretch
49	Sinsear	Senior, ancestor	Sinséar	Ginger

Costais agus Am Scála

Mar gheall nach raibh eagraíochtaí nó grúpaí le hainmneacha as Gaeilge in ann a n-ainm fearainn a chlárú mar is ceart i dtús báire, is iomaí grúpa atá anois le ainm fearainn nach bhfuil fóirsteanach don eagraíocht. Tá sé le moladh go bhfuil sé ráite istigh sa cháipéis chomhairliúcháin go mbeidh tréimhse ama ina mbeidh iad siúd le hainmneacha a bhfuil síneadh fada in easnaimh orthu in ann é sin a dhéanamh. Áfach, deir sé ansin go mbeidh praghsáil bisigh i gceist ansin agus nach mbeidh ach 30 lá ag daoine é seo a dhéanamh. Tá na grúpaí/daoine seo i ndiaidh táillí a íoc as an t-ainm fearainn atá acu faoi láthair agus níor chóir go mbeadh aon athrú air seo, mar níl an locht nó an freagrach ar na grúpaí/daoine seo nach raibh siad in ann a n-ainm fearainn cruinn a chlárú i dtús báire.

Fosta, do ghrúpaí nó do dhaoine aonarachacha atá ag feidhmiú ar bhonn deonach, mar atá cuid mhór mhaith de ghrúpaí i saol na Gaeilge, ba chóir go mbeadh tuilleadh ama ar fáil dóibh tabhairt faoi seo agus cinntiú go bhfuil a n-ainm fearainn cláraithe acu sula gcríochnaíonn an tréimhse seo agus atá na hainmneacha seo ar fáil go forleathan. Ó thaobh IEDR, is neart ama é 30 lá mar gheall go bhfuil an grúpa eagraithe agus ar an eolas faoi na hathruithe seo, ach ní hé sin an cás do ghrúpaí eile. B'fhearr tuilleadh ama a thabhairt don phróiseas seo le cinntiú na gcailleann aon ghrúpa an t-ainm ar chóir a bheith acu i gcónaí (.i. an t-ainm fearainn atá acu faoi láthair le síntí fada san áireamh).